# eFlow.ie Website Privacy Notice

## 1. Introduction

1.1 Transport Infrastructure Ireland (**"TII"**) is the operational name of the National Roads Authority following the dissolution of the Railway Procurement Agency and the transfer of its functions to the National Roads Authority in accordance with the Roads Act 2015. TII's main address is Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8, D08 DK10, Ireland.

1.2 TII has appointed Turas Mobility Services Ltd **("Turas")** to provide tolling and other services in relation to the operation of the eFlow barrier-free tolling system on Dublin's M50 motorway, including the operation of the eFlow.ie website.

1.3 As Turas operates the eFlow.ie website on behalf of TII, it generally acts as a processor of any personal data which is collected and processed via this website. This means that TII is responsible for the processing of this personal data as the controller of such data.

## 2. Purpose of Website Privacy Notice

2.1 The purpose of this website privacy notice is to inform you of the personal data relating to you that may be collected and processed when you access and use the eFlow.ie website.

2.2 Turas and TII fully respect your right to privacy and treat all data collected through this website in accordance with applicable data protection laws.

2.3 Information in relation to the processing of your personal data when you use the eFlow barrier-free tolling system on Dublin's M50 motorway, whether as an unregistered customer or when you open and maintain a registered customer eFlow account, is separately available here.

## 3. Collection and Use of Personal Information

3.1 We will collect no personally identifying information about you when you visit this website unless you choose to provide that information to us. The information we collect depends on options you select when visiting this website.

3.2 Turas may collect and process some or all of the following personal data in relation to you on behalf of TII:

| PERSONAL DATA CATEGORY | DESCRIPTION |
|---|---|
| **WEBSITE DATA** | • IP Address<br>• Browser type<br>• Length of user sessions |

| | |
|---|---|
| **PAYMENT DATA** | • You may choose to provide us with personal data associated with some of the services provided on the website, for example paying a toll. For the purpose of processing payments, Turas may collect credit card or debit card details, including via a Digital Wallet |
| **COMMUNICATIONS DATA** | Whenever you use our WebChat, the General Query Form, the Appeal a Penalty Form, the Query a Journey Form or the Query a Payment Form to communicate with us or participate in a customer survey via this website you may choose to provide us with your personal information, including but not limited to the following:<br>• Full name<br>• Email<br>• Licence Plate Number |
| **REGISTERED ACCOUNT DATA (I.E. TOLL ROAD USERS WITH A REGISTERED EFLOW ACCOUNT)** | • Full name<br>• Contact details including your postal address (including Eircode if you choose to provide it), email address and contact telephone number<br>• Account number;<br>• Licence plate number;<br>• Captured image of your licence plate number(s) from M50 journey<br>• Journey reference number<br>• Tag provider and tag number<br>• Credit card, debit card or direct debit details<br>• Toll road passage information payment history<br>• Correspondence and telephone conversation recordings with eFlow |

| | |
|---|---|
| **UNREGISTERED ACCOUNT SWEEP DATA** | • Licence plate number;<br>• Date of purchase of relevant vehicle (i.e. whether the vehicle was purchased within the last 30 days;<br>• Journey history |
| **PIN DATA** | • Full name<br>• Email address<br>• Licence plate number<br>• Last date and time of use of the M50 toll road<br>• Whether you are the registered owner of the vehicle |

## 4. Sources of Personal Data

4.1 Any personal data relating to you which we process is collected directly from you via this website if you choose to provide that information to us.

## 5. Legal Bases

5.1 The personal data described above is processed by us and by third party service providers acting on our behalf. The Legal bases on which we collect, process and transfer your personal data for these purposes are:

- Where such processing is necessary to carry out tasks in the public interest and/or in the exercise of official authority vested in TII (**"Public Interest/Official Authority"**);
- Where such processing is necessary for the performance of a contract with you or where it is necessary to take steps at your request prior to entering into a contract with you (**"Contract"**); and
- Your consent ("**Consent"**), where this is the case you will be asked to give a positive indication of that consent.

**5.2 Purpose of processing activities and associated legal basis**

We process personal data in order to:

| PURPOSES | CATEGORIES OF PERSONAL DATA | LEGAL BASES |
|---|---|---|
| **MAKE THIS WEBSITE MORE USEFUL TO VISITORS, TO LEARN ABOUT THE NUMBER OF VISITORS TO THIS WEBSITE AND THE TYPE OF TECHNOLOGY THAT OUR VISITORS USE** | Website Data<br><br>Please note that we do not track or record information about individuals on their visits. We may compile and report aggregate statistics about our users in terms of numbers, traffic patterns and related site information. Any such statistics will not include any personal identifying information. | Public Interest/Official Authority pursuant to the Roads Act 1993 (as amended) |
| **TO RESPOND TO QUERIES AND COMPLAINTS VIA WEBCHAT, THE GENERAL QUERY FORM, THE APPEAL A PENALTY FORM, THE QUERY A JOURNEY FORM OR THE QUERY A PAYMENT FORM, OR ANY OTHER CONTACT FORM – INFORMATION COLLECTED IN THIS MANNER IS USED SOLELY FOR DEALING WITH YOUR QUERY. YOUR PERSONAL DATA IS STORED SECURELY AND KEPT FOR NO LONGER THAN NECESSARY.** | Communications Data | Public Interest/Official Authority pursuant to Sections 17(1), 17(2) and 19(3) of the Roads Act 1993 (as amended) |
| **REGISTERING AND MANAGING YOUR EFLOW ACCOUNT** | Registered Account Data | Contract |

| | | |
|---|---|---|
| **PROCESSING YOUR PAYMENT OF A TOLL OR PENALTY** | Payment Data | Public Interest/Official Authority, pursuant to section 59(1) of the Roads Act 1993 (as amended) and Bye-law 5 of the Bye-Laws for the M50 (between Junctions 6 and 7) (the "**M50 Bye-Laws**")<br><br>Contract (in relation to registered eFlow customers) |
| **MOVING YOUR UNPAID TOLLS TO YOUR REGISTERED ACCOUNT** | Registered Account Data<br><br>Unregistered account sweep data | Public Interest/Official Authority, pursuant to section 59(1) of the Roads Act 1993 (as amended) and Bye-law 5 of the Bye-Laws for the M50 (between Junctions 6 and 7) (the "**M50 Bye-Laws**")<br><br>Consent |
| **SENDING YOU A PIN NUMBER IF YOU DO NOT HAVE A REGISTERED EFLOW ACCOUNT AND YOU REQUEST A PIN NUMBER** | PIN data | Public Interest/Official Authority, pursuant to the Roads Act 1993 (as amended) |
| **TO UNDERTAKE CUSTOMER SATISFACTION SURVEYS** | Communications Data | Public Interest/Official Authority, pursuant to the Roads Act 1993 (as amended) – |

| | | |
|---|---|---|
| | | completing surveys is entirely voluntary |
| **SENDING NOTIFICATIONS TO YOU IF YOU DO NOT HAVE A REGISTERED EFLOW ACCOUNT** | Communications Data | Consent |

5.3 We do not intentionally collect or process special categories of personal data relating to website users. If you provide us with special category personal data, for example in a complaint or query sent via webchat, the legal bases on which we may collect, process and transfer special categories of data relating to you (e.g. data relating to health) are that:

a. this is necessary for reasons of substantial public interest; or

b. you have given your explicit consent to such processing.

For more details on the purposes for which we process your personal data to provide you with eFlow services generally, please see our main eFlow Data Protection Notice.

## 6. Disclosure of Personal Data

6.1 We may disclose your personal data to other organisations in connection with the above purposes, in the following circumstances:

1. We may share personal data with our agents, contractors and service providers who assist us with the operation of aspects of our services and functions, such as our payment card processor, banking and printing/postal correspondence contractors, the eFlow enforcement service provider(s), Foreign Vehicle Licensing Authorities and law enforcement agencies.

2. Where TII appoints a new operator of eFlow, we may share personal data with this new operator in order to facilitate successful transition to the new operator and ensure continuity of service for eFlow customers during any transition period.

3. Where we are under a duty to disclose or share personal data in order to comply with any legal obligation, or to protect the rights, property or safety of eFlow, our customers, or others. We may also share information about the way you conduct your account with credit reference agencies.

4. Where required or permitted by law, we may share your personal data with other public authorities and bodies, such as the Gardaí or other law enforcement authorities for the purposes of the prevention, investigation or detection of crime.

5. In connection with the provision of interoperable toll transactions in Ireland, we may disclose your personal data to a relevant compatible operator.

6. We may share toll passage data with key stakeholders, e.g. the Department of Transport, for the purposes of research and statistical analysis.

7. For the purpose of operating competitions on behalf of TII, we may disclose, subject to your consent, your name, email address and marketing preferences provided to us by you.

8. Where we are otherwise permitted by law.

For more details on the recipients of your personal data in connection with eFlow services generally, please see main eFlow Data Protection Notice.

## 7. Cookies

7.1 This website uses cookies.

7.2 For more information about the way this website uses cookies and your options for accepting and rejecting cookies, please see our Cookies Policy here.

## 8. Transfers Abroad

8.1 We may transfer your personal data outside the European Economic Area, including to a jurisdiction which is not recognised by the European Commission as providing an equivalent level of protection for personal data as is provided for in the European Union, such as India and the United States of America. If and to the extent that we do so, we will ensure that appropriate measures are in place to comply with its obligations under applicable law governing such transfers, which may include entering into a contract governing the transfer which contains the 'standard contractual clauses' approved for this purpose by the European Commission. Currently, these standard contractual clauses are the basis on which eFlow ensures that transfers can be made in a manner which is compliant with applicable data protection law.

8.2 The European Commission has the power to determine, on the basis of Article 45 of Regulation (EU) 2016/679 (the GDPR) whether a country outside the EU offers an adequate level of data protection. In this regard, eFlow relies on the adequacy decisions in respect of transfers to Innocraft Ltd. in New Zealand and W5 Marketing Intelligence Ltd.

8.3 Further details of the measures that have been taken in this regard are available from the eFlow Data Protection Officer using the contact details set out below.

## 9. Security

9.1 For website security purposes and to ensure that this website remains available to all users, our computer system employs software programs to monitor network traffic in order to identify unauthorised attempts to upload or change information or otherwise cause damage. Unauthorised attempts to upload information or change information on this website are strictly prohibited and may be punishable by law.

9.2 Your personal data which you provide to us will be held on secure servers hosted by Turas. The nature of the internet is such that we cannot guarantee the security of any information you transmit to us online. However, we have adopted appropriate technical and organisational security measures to protect your information from unauthorised access and against unlawful processing, accidental loss, destruction or damage. We will also ensure that our agents or third-party service providers who process your data are required to keep your data safe and secure.

## 10. Your Rights

10.1 You have the following rights, in certain circumstances, in relation to your personal data:

- **Right to access the data** – You have the right to request a copy of the personal data that we hold about you, together with other information about our processing of that personal data.
- **Right to rectification** – You have the right to request that any inaccurate data that is held about you is corrected, or if we have incomplete information you may request that we update the information such that it is complete.
- **Right to erasure** – You have the right to request us to delete personal data that we hold about you. This is sometimes referred to as the right to be forgotten.
- **Right to restriction of processing** – You have the right to request that we no longer process your personal data for particular purposes.
- **Right to object to the processing of your personal data** – You have the right to object to our processing of your personal data for particular purposes.
- **Right to data portability** – You have the right to receive your personal data, which you provided to us, in a structured, commonly used machine readable format or to require us to transmit that data to another controller.

- **Right to withdraw your consent** – where our processing of your personal data is based on you having provided consent, you have the right to withdraw your consent to the processing at any time.

10.2 Please note that these rights are not absolute and are subject to certain restrictions and exemptions. For example, the right to erasure of personal data will not apply where we have a legitimate reason to continue to hold such data and we may continue to process your personal data, despite an objection by you, where we have compelling legitimate grounds for the processing which override your interests, rights and freedoms.

10.3 In order to exercise any of the rights set out above, please contact us using the contact details below.

## 11. Retention

11.1 We will only retain your personal data for as long as necessary to fulfil the purposes for which it was collected, including for the purposes of satisfying any legal, accounting, or reporting requirements and if relevant to deal with any claim or dispute that might arise between you and TII.

11.2 Our retention periods differ depending on the type of categories of personal data held. To determine the appropriate retention period for personal data, we consider the amount, nature, and sensitivity of the personal data, the potential risk of harm from unauthorised use or disclosure of your personal data, the purposes for which we process your personal data and whether we can achieve those purposes through other means, and the applicable legal requirements.

## 12. Changes to this Privacy Notice

12.1 From time to time we may decide to change our privacy notice, but any changes will be posted on this page to keep you up to date on how we collect, use and disclose information. If at any time we decide to use personal data in a manner significantly different from that stated in this privacy notice or otherwise disclosed to you at the time it was collected, we will notify you, and you will have the choice as to whether or not we use your information in the new manner.

## 13. Questions and Complaints

13.1 If you have any questions or complaints about our use of your personal data, please contact the eFlow Data Protection Officer using the contact details below. Alternatively, TII's Data Protection Officer may be contacted as follows:

- **by post: Data Protection Officer, Transport Infrastructure Ireland, Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8, D08 DK10**

- **by phone: +353 1 646 3600**
- **by email: dataprotection@tii.ie**

13.2 Further information about data protection can be found on the Data Protection Commission's website: www.dataprotection.ie.

13.3 You also have the right to lodge a complaint with the Data Protection Commission if you are not happy with the way we have used your information or addressed your rights. Details of how to lodge a complaint can be found on the Data Protection Commission's website.

## 14. Contacting eFlow

You can contact eFlow in the following ways:

- by post: Data Protection Officer, Turas Mobility Services Limited, Block 8, Harcourt Centre, Charlotte Way, Dublin, D02 K580
- by email: dataprotection@eflow.ie
- by phone: 0818 50 10 50 (International: +353 1 4610122)
- by using the Webchat with the eFlow team or the General Query Form on the eFlow website

Updated: 20 June 2025

# Fógra Príobháideachta Gréasáin eFlow.ie

## 1. Réamhrá

1.1 Is é Bonneagar Iompair Éireann **("BIÉ")** ainm oibríochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta tar éis dhíscaoileadh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid agus aistriú a fheidhmeanna chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta de réir Acht na mBóithre 2015. Is é príomhsheoladh BIÉ ná Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10, Éire.

1.2 Tá Turas Mobility Services Ltd **("Turas")** ceaptha ag BIÉ chun seirbhísí dolaí agus seirbhísí eile a sholáthar i ndáil le hoibriú chóras dolaí gan bhacainní eFlow ar mhótarbhealach M50 Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear oibriú shuíomh gréasáin eFlow.ie.

1.3 Ós rud é go n-oibríonn Turas suíomh gréasáin eFlow.ie thar ceann BIÉ, gníomhaíonn sé go ginearálta mar phróiseálaí aon sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear tríd an suíomh gréasáin seo. Ciallaíonn sé seo go bhfuil BIÉ freagrach as próiseáil na sonraí pearsanta seo mar rialaitheoir na sonraí sin.

## 2. Cuspóir Fógra Príobháideachta an tSuímh Ghréasáin

2.1 Is é cuspóir fógra príobháideachta an tsuímh ghréasáin seo ná tú a chur ar an eolas faoi na sonraí pearsanta a bhaineann leat a d'fhéadfaí a bhailiú agus a phróiseáil nuair a théann tú chuig suíomh gréasáin eFlow.ie agus nuair a úsáideann tú é.

2.2 Tugann Turas agus BIÉ urraim iomlán do do cheart chun príobháideachta agus déileálann siad le gach sonraí a bhailítear tríd an suíomh gréasáin seo i gcomhréir leis na dlíthe cosanta sonraí is infheidhme.

2.3 Tá faisnéis maidir le próiseáil do shonraí pearsanta nuair a úsáideann tú córas dolaí gan bhacainní eFlow ar mhótarbhealach M50 Bhaile Átha Cliath, bíodh sé mar chustaiméir neamhchláraithe nó nuair a osclaíonn agus a choinníonn tú cuntas custaiméara cláraithe eFlow, ar fáil ar leithligh anseo.

## 3. Bailiú agus úsáid faisnéise pearsanta

3.1 Ní bhaileoimid aon fhaisnéis phearsanta aitheantais fút nuair a thugann tú cuairt ar an suíomh gréasáin seo mura roghnaíonn tú an fhaisnéis sin a sholáthar dúinn. Braitheann an fhaisnéis a bhailímid ar na roghanna a roghnaíonn tú agus tú ag tabhairt cuairte ar an suíomh gréasáin seo.

3.2 Féadfaidh Turas cuid nó na sonraí pearsanta seo a leanas a bhaineann leat a bhailiú agus a phróiseáil thar ceann BIÉ:

| CATAGÓIR SONRAÍ PEARSANTA | CUR SÍOS |
|---|---|
| **SONRAÍ GRÉASÁIN** | • Seoladh IP |

| | |
|---|---|
| | • Cineál brabhsálaí<br>• Fad na seisiún úsáideora |
| **SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA** | • Féadfaidh tú sonraí pearsanta a bhaineann le cuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an suíomh gréasáin a sholáthar dúinn, mar shampla íoc dola. Chun críche íocaíochtaí a phróiseáil, féadfaidh Turas sonraí cárta creidmheasa nó cárta dochair a bhailiú, lena n-áirítear trí Sparán Digiteach |
| **SONRAÍ CUMARSÁIDE** | Aon uair a úsáideann tú ár gComhrá Gréasáin, an Fhoirm Fiosrúcháin Ghinearálta, an Fhoirm Achomhairc Pionóis, an Fhoirm Fiosrúcháin ar Thuras nó an Fhoirm Fiosrúcháin ar Íocaíocht chun cumarsáid a dhéanamh linn nó chun páirt a ghlacadh i suirbhé custaiméirí tríd an suíomh gréasáin seo, féadfaidh tú do chuid faisnéise pearsanta a sholáthar dúinn, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:<br>• Ainm iomlán<br>• Ríomhphost<br>• Uimhirphláta |
| **SONRAÍ CUNTAIS CHLÁRAITHE (I.E. ÚSÁIDEOIRÍ BÓITHRE DOLA A BHFUIL CUNTAS EFLOW CLÁRAITHE ACU)** | • Ainm iomlán<br>• Sonraí teagmhála lena n-áirítear do sheoladh poist (lena n-áirítear Eircode má roghnaíonn tú é a sholáthar), seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin teagmhála<br>• Uimhir chuntais;<br>• Uimhirphláta;<br>• Íomhá a gabhadh de d’uimhirphláta ó thuras an M50<br>• Uimhir thagartha an turais |

| | |
|---|---|
| | • Soláthraí clibe agus uimhir chlib<br>• Sonraí cárta creidmheasa, cárta dochair nó dochair dhírigh<br>• Stair íocaíochta faisnéise faoi phasáiste bóthair dola<br>• Taifeadtaí comhfhreagrais agus comhráite teileafóin le eFlow |
| **SONRAÍ SCUABTHA CUNTAIS NEAMHCHLÁRAITHE** | • Uimhirphláta;<br>• Dáta ceannaigh na feithicle ábhartha (i.e. cibé acu an ceannaíodh an fheithicil laistigh de na 30 lá dheireanacha;<br>• Stair an turais |
| **SONRAÍ PIN** | • Ainm iomlán<br>• Seoladh ríomhphoist<br>• Uimhirphláta<br>• Dáta agus am úsáide deiridh an bhóthair dola M50<br>• Cibé an tusa úinéir cláraithe na feithicle |

## 4. Foinsí Sonraí Pearsanta

4.1 Aon sonraí pearsanta a bhaineann leat a phróiseálaimid, bailítear iad go díreach uait tríd an suíomh greasáin seo má roghnaíonn tú an fhaisnéis sin a sholáthar dúinn.

## 5. Bunús Dlíthiúil

5.1 Próiseálann muid féin agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí atá ag gníomhú thar ár gceann na sonraí pearsanta a thuairiscítear thuas. Is iad seo a leanas na bunúis dhlíthiúla ar a mbailímid, a phróiseálaimid agus a n-aistreoimid do shonraí pearsanta chun na gcríoch seo:

- I gcás ina bhfuil gá leis an bpróiseáil sin chun tascanna a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus/nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe do BIÉ (**"Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil"**);
- I gcás ina bhfuil an phróiseáil sin riachtanach chun conradh leat a chomhlíonadh nó i gcás ina bhfuil sé riachtanach céimeanna a ghlacadh ar d'iarratas sula ndéantar conradh leat (**"Conradh"**); agus
- Do thoiliú (**"Toiliú"**), i gcás ina bhfuil sé seo amhlaidh iarrfar ort léiriú dearfach a thabhairt ar an toiliú sin.

**5.2 Cuspóir na ngníomhaíochtaí próiseála agus an bunús dlíthiúil gaolmhar**

Próiseálaimid sonraí pearsanta d'fhonn:

| CUSPÓIRÍ | CATAGÓIRÍ SONRAÍ PEARSANTA | BUNÚS DLÍTHIÚIL |
|---|---|---|
| **AN SUÍOMH GRÉASÁIN SEO A DHÉANAMH NÍOS ÚSÁIDÍ DO CHUAIRTEOIRÍ, CHUN FOGHLAIM FAOI LÍON NA GCUAIRTEOIRÍ AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN SEO AGUS FAOIN GCINEÁL TEICNEOLAÍOCHTA A ÚSÁIDEANN ÁR GCUAIRTEOIRÍ** | Sonraí Gréasáin<br><br>Tabhair faoi deara nach ndéanaimid faisnéis faoi dhaoine aonair a rianú ná a thaifeadadh ar a gcuairteanna. Féadfaimid staitisticí comhiomlána faoinár n-úsáideoirí a thiomsú agus a thuairisciú i dtéarmaí uimhreacha, patrúin tráchta agus faisnéis ghaolmhar faoin suíomh. Ní bheidh aon fhaisnéis phearsanta aitheantais san áireamh in aon staitisticí den sórt sin. | Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil de bhun Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) |
| **CHUN FREAGRA A THABHAIRT AR CHEISTEANNA AGUS GEARÁIN TRÍD AN GCOMHRÁ GREASÁIN, AN FHOIRM FIOSRÚCHÁIN GHINEARÁLTA, AN FHOIRM ACHOMHAIRC** | Sonraí Cumarsáide | Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil de bhun Ailt 17(1), 17(2) agus 19(3) |

| | | |
|---|---|---|
| **PIONÓIS, AN FHOIRM FIOSRÚCHÁIN AR THURAS NÓ AN FHOIRM FIOSRÚCHÁIN AR ÍOCAÍOCHT, NÓ AON FHOIRM TEAGMHÁLA EILE – NÍ ÚSÁIDTEAR AN FHAISNÉIS A BHAILÍTEAR AR AN MBEALACH SEO ACH AMHÁIN CHUN DÉILEÁIL LE D'FHIOSRÚCHÁN. STÓRÁILTEAR DO SHONRAÍ PEARSANTA GO SLÁN AGUS NÍ CHOIMEÁDTAR IAD NÍOS FAIDE NÁ MAR IS GÁ** | | d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) |
| **DO CHUNTAS EFLOW A CHLÁRÚ AGUS A BHAINISTIÚ** | Sonraí Cuntais Chláraithe | Conradh |
| **AG PRÓISEÁIL D'ÍOCAÍOCHT DOLA NÓ PIONÓIS** | Sonraí Íocaíochta | Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil, de bhun alt 59(1) d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus Fho-dhlí 5 de na Fho-dhlíthe don M50 (idir Acomhail 6 agus 7) (na "**Fodhlíthe M50**")<br><br>Conradh (i ndáil le custaiméirí cláraithe eFlow) |
| **AG BOGADH DO DHOLAÍ GAN ÍOC CHUIG DO CHUNTAS CLÁRAITHE** | Sonraí Cuntais Chláraithe<br><br>Sonraí scuabtha cuntais neamhchláraithe | Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil, de bhun alt 59(1) d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus Fho-dhlí 5 de na Fho-dhlíthe |

| | | |
|---|---|---|
| | | don M50 (idir Acomhail 6 agus 7) (na "**Fodhlíthe M50**")<br><br>Toiliú |
| **UIMHIR PIN A SHEOLADH CHUGAT MURA BHFUIL CUNTAS EFLOW CLÁRAITHE AGAT AGUS MÁ IARRANN TÚ UIMHIR PIN** | Sonraí PIN | Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil, de bhun Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) |
| **SUIRBHÉANNA SÁSTACHTA CUSTAIMÉIRÍ A DHÉANAMH** | Sonraí Cumarsáide | Leas an Phobail/Údarás Oifigiúil, de bhun Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) – is rud go hiomlán deonach é suirbhéanna a chomhlánú |
| **FÓGRAÍ A SHEOLADH CHUGAT MURA BHFUIL CUNTAS EFLOW CLÁRAITHE AGAT** | Sonraí Cumarsáide | Toiliú |

5.3 Ní bhailímid ná ní phróiseálaimid d'aon ghnó catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhaineann le húsáideoirí suíomh gréasáin. Má sholáthraíonn tú sonraí pearsanta de chatagóir speisialta dúinn, mar shampla i ngearán nó i bhfiosrúchán a sheoltar trí chomhrá gréasáin, is iad seo a leanas na bunúis dhlíthiúla ar a bhféadfaimid catagóirí speisialta sonraí a bhaineann leat (m.sh. sonraí a bhaineann le sláinte) a bhailiú, a phróiseáil agus a aistriú:

a. más gá é seo ar chúiseanna leasa shuntasach an phobail; nó

b. gur thug tú do thoiliú sainráite leis an bpróiseáil sin.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na críocha a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil chun seirbhísí eFlow a sholáthar duit i gcoitinne, féach ar ár bPríomhfhógra um Chosaint Sonraí eFlow.

## 6. Nochtadh Sonraí Pearsanta

6.1 Féadfaimid do shonraí pearsanta a nochtadh d'eagraíochtaí eile i ndáil leis na críocha thuas, sna himthosca seo a leanas:

a. Féadfaimid sonraí pearsanta a roinnt lenár ngníomhairí, conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse a chabhraíonn linn le hoibriú gnéithe dár seirbhísí agus feidhmeanna, amhail ár bpróiseálaí cártaí íocaíochta, conraitheoirí baincéireachta agus priontála/comhfhreagrais poist, soláthraí(soláthraithe) seirbhíse forfheidhmithe eFlow, Údaráis Cheadúnúcháin Feithiclí Eachtracha agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

b. I gcás ina gceapfaidh BIÉ oibreoir nua eFlow, féadfaimid sonraí pearsanta a roinnt leis an oibreoir nua seo chun aistriú rathúil chuig an oibreoir nua a éascú agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú do chustaiméirí eFlow le linn aon tréimhse idirthréimhse.

c. I gcás ina bhfuil dualgas orainn sonraí pearsanta a nochtadh nó a roinnt chun aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, nó chun cearta, maoin nó sábháilteacht eFlow, ár gcustaiméirí, nó daoine eile a chosaint. Féadfaimid faisnéis a roinnt freisin faoin gcaoi a riarann tú do chuntas le gníomhaireachtaí teistiméireachta chreidmheasa.

d. I gcás ina gceanglaítear nó ina gceadaítear faoin dlí é, féadfaimid do shonraí pearsanta a roinnt le húdaráis phoiblí agus comhlachtaí eile, amhail na Gardaí nó údaráis forfheidhmithe dlí eile chun críocha coireachta a chosc, a imscrúdú nó a bhrath.

e. I dtaca le soláthar idirbhearta dolaí idir-inoibritheacha in Éirinn, féadfaimid do shonraí pearsanta a nochtadh d'oibreoir comhoiriúnach ábhartha.

f. Féadfaimid sonraí pasáiste dolaí a roinnt le geallsealbhóirí tábhachtacha, m.sh. an Roinn Iompair, chun críocha taighde agus anailíse staitistiúla.

g. Chun críche comórtais a reáchtáil thar ceann BIÉ, féadfaimid d'ainm, do sheoladh ríomhphoist agus na roghanna margaíochta a chuir tú ar fáil dúinn a nochtadh, faoi réir do thoilithe.

h. I gcás ina gceadaítear dúinn a mhalairt de réir dlí.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi fhaighteoirí do shonraí pearsanta i ndáil le seirbhísí eFlow i gcoitinne, féach ar Phríomhfhógra um Chosaint Sonraí eFlow.

## 7. Fianáin

7.1 Úsáideann an suíomh gréasáin seo fianáin.

7.2 Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a n-úsáideann an suíomh gréasáin seo fianáin agus do roghanna maidir le fianáin a ghlacadh agus a dhiúltú, fFéach ár bPolasaí Fianán thíos le do anseo.

## 8. Aistrithe Thar Lear

8.1 Féadfaimid do shonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, lena n-áirítear chuig dlínse nach n-aithníonn an Coimisiún Eorpach mar dhlínse a sholáthraíonn leibhéal coibhéiseach cosanta do shonraí pearsanta agus atá foráilte san Aontas Eorpach, amhail an India agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Má dhéanaimid amhlaidh agus a mhéid a dhéanaimid amhlaidh, cinnteoimid go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun a hoibleagáidí faoin dlí is infheidhme lena rialaítear aistrithe den sórt sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear conradh a dhéanamh lena rialaítear an t-aistriú ina bhfuil na 'clásail chonarthacha caighdeánacha' atá ceadaithe chun na críche seo ag an gCoimisiún Eorpach. Faoi láthair, is iad na clásail chonarthacha caighdeánacha seo an bonn ar a gcinntíonn eFlow gur féidir aistrithe a dhéanamh ar bhealach atá i gcomhréir leis an dlí cosanta sonraí is infheidhme.

8.2 Tá an chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach a chinneadh, ar bhonn Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 (an RGCS), an dtugann tír lasmuigh den AE leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí. Maidir leis seo, braitheann eFlow ar na cinntí leordhóthanachta i leith aistrithe chuig Innocraft Ltd. sa Nua-Shéalainn agus W5 Marketing Intelligence Ltd.

8.3 Tá tuilleadh sonraí faoi na bearta atá déanta ina leith seo ar fáil ón Oifigeach Cosanta Sonraí eFlow ag baint úsáide as na sonraí teagmhála atá leagtha amach thíos.

## 9. Slándáil

9.1 Chun críocha slándála an tsuímh ghréasáin agus chun a chinntiú go bhfanfaidh an suíomh gréasáin seo ar fáil do gach úsáideoir, úsáideann ár gcóras ríomhaireachta cláir bhogearraí chun monatóireacht a dhéanamh ar thrácht líonra d’fhonn iarrachtaí neamhúdaraithe chun faisnéis a uaslódáil nó a athrú nó chun damáiste a dhéanamh ar shlí eile a aithint. Tá cosc dian ar iarrachtaí neamhúdaraithe chun faisnéis a uaslódáil nó faisnéis a athrú ar an suíomh gréasáin seo agus d’fhéadfadh pionós a bheith i gceist de réir dlí.

9.2 Coinneofar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn ar fhreastalaithe slána atá á n-óstáil ag Turas. Mar gheall ar nádúr an idirlín ní féidir linn slándáil aon fhaisnéise a tharchuireann tú chugainn ar líne a ráthú. Mar sin féin, tá bearta slándála teicniúla agus

eagraíochtúla iomchuí glactha againn chun d'fhaisnéis a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus ar phróiseáil neamhdhleathach, caillteanas de thaisme, scriosadh nó damáiste. Cinnteoimid freisin go bhfuil sé de dhualgas ar ár ngníomhairí nó ar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí a phróiseálann do shonraí do shonraí a choinneáil slán sábháilte.

## 10. Do Chearta

10.1 Tá na cearta seo a leanas agat, i gcúinsí áirithe, maidir le do shonraí pearsanta:

- **An ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí** – Tá sé de cheart agat cóip de na sonraí pearsanta atá againn fút a iarraidh, mar aon le faisnéis eile faoinár bpróiseáil ar na sonraí pearsanta sin.
- **An ceart chun ceartúcháin** – Tá sé de cheart agat a iarraidh go ndéanfar aon sonraí míchruinne atá againn fút a cheartú, nó má tá faisnéis neamhiomlán againn féadfaidh tú a iarraidh orainn an fhaisnéis a nuashonrú sa chaoi is go mbeidh sí iomlán.
- **An ceart chun scriosadh** – Tá sé de cheart agat iarraidh orainn sonraí pearsanta atá againn fút a scriosadh. Uaireanta tugtar an ceart chun dearmad a dhéanamh ort air seo.
- **An ceart chun srian a chur ar phróiseáil** – Tá sé de cheart agat a iarraidh nach ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil a thuilleadh chun críocha áirithe.
- **An ceart agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta** – Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne ár bpróiseála ar do shonraí pearsanta chun críocha áirithe.
- **An ceart chun iniomparthacht sonraí** – Tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta, a chuir tú ar fáil dúinn, a fháil i bhformáid struchtúrtha atá inléite ag meaisín agus a úsáidtear go coitianta nó a cheangal orainn na sonraí sin a tharchur chuig rialaitheoir eile.
- **An ceart chun do thoiliú a tharraingt siar** – áit a bhfuil ár bpróiseáil ar do shonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú a bheith tugtha agat, tá sé de cheart agat do thoiliú leis an bpróiseáil a tharraingt siar tráth ar bith.

10.2 Tabhair faoi deara nach cearta absalóideacha iad na cearta seo agus go bhfuil siad faoi réir srianta agus díolúintí áirithe. Mar shampla, ní bheidh feidhm ag an gceart chun sonraí pearsanta a scriosadh i gcás ina bhfuil cúis dhlisteanach againn leanúint de na sonraí sin a choinneáil agus féadfaimid leanúint de do shonraí pearsanta a phróiseáil, in ainneoin agóid

uait, i gcás ina bhfuil forais dhlisteanacha láidre againn don phróiseáil a sháraíonn do leasanna, do chearta agus do shaoirsí.

10.3 Chun aon cheann de na cearta atá leagtha amach thuas a fheidhmiú, déan teagmháil linn trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos.

## 11. Coinneáil

11.1 Ní choinneoimid do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na críocha ar bailíodh iad chucu a chomhlíonadh, lena n-áirítear chun críocha aon cheanglais dhlíthiúla, chuntasaíochta nó tuairiscithe a chomhlíonadh agus, más ábhartha, chun déileáil le haon éileamh nó díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir tú féin agus BIÉ.

11.2 Bíonn ár dtréimhsí coinneála éagsúil ag brath ar an gcineál catagóirí sonraí pearsanta atá á gcoinneáil. Chun an tréimhse choinneála chuí a chinneadh le haghaidh sonraí pearsanta, breithnímid méid, cineál agus íogaireacht na sonraí pearsanta, an riosca féideartha díobhála ó úsáid nó nochtadh neamhúdaraithe do shonraí pearsanta, na críocha a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta chucu agus cibé an féidir linn na críocha sin a bhaint amach trí mhodhanna eile, agus na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme.

## 12. Athruithe ar an bhFógra Príobháideachta seo

12.1 Ó am go ham, féadfaimid cinneadh a dhéanamh ár bhfógra príobháideachta a athrú, ach foilseofar aon athruithe ar an leathanach seo chun tú a choinneáil ar an eolas faoin gcaoi a mbailímid, a n-úsáidimid agus a nochtfaimid faisnéis. Má chinneann muid tráth ar bith sonraí pearsanta a úsáid ar bhealach atá difriúil go suntasach ón méid a luaitear san fhógra príobháideachta seo nó a nochtadh duit ar shlí eile tráth a bhailíodh é, cuirfimid ar an eolas thú, agus beidh an rogha agat cibé acu a úsáidfimid d'fhaisnéis ar an mbealach nua nó nach n-úsáidfimid.

## 13. Ceisteanna agus Gearáin

13.1 Má tá aon cheist nó gearán agat faoinár n-úsáid de do shonraí pearsanta, déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí eFlow ag baint úsáide as na sonraí teagmhála thíos. Nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí BIÉ mar seo a leanas:

- tríd an bpost: Oifigeach Cosanta Sonraí, Bonneagar Iompair Éireann, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08 DK10
- ar an bhfón: +353 1 646 3600
- trí ríomhphost: dataprotection@tii.ie

13.2 Is féidir tuilleadh eolais faoi chosaint sonraí a fháil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí: www.dataprotection.ie.

13.3 Tá sé de cheart agat freisin gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi ar úsáideadh d'fhaisnéis nó ar chomhlíonamar do chearta. Is féidir sonraí faoi conas gearán a thaisceadh a fháil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

## 14. Teagmháil a dhéanamh le eFlow

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le eFlow ar na bealaí seo a leanas:

- tríd an bpost: Oifigeach Cosanta Sonraí, Turas Mobility Services Limited, Bloc 8, Ionad Fhearchair, Bealach Charlotte, Baile Átha Cliath, D02 K580
- trí ríomhphost: dataprotection@eflow.ie
- ar an bhfón: 0818 50 10 50 (Idirnáisiúnta: +353 1 4610122)
- trí úsáid a bhaint as an gComhrá Gréasáin leis an bhfoireann eFlow nó as an bhFoirm Fiosrúcháin Ghinearálta ar shuíomh gréasáin eFlow

Nuashonraithe: 20 Meitheamh 2025